




## 3.0 Iad Siúd a raibh tionchar acu ar an Éirí Amach: Réamhrá

## 3.1 Iad siúd a bhí bainteach leis an Rialtas Dúchais (ar a shon agus ina choinne)

### 3.1.3 John Redmond agus Páirtí Parlaiminteach na hÉireann

Bhí páirt indíreach ag Redmond san Éirí amach ó theip air leibhéal féinrialach a ghnóthú a ghlacfadh an pobal leis; ba é an pháirt ba mhó bhí aige áfach ná gur áitigh sé ar Birrell agus ar Nathan gan gníomhú i gcoinne an dreama a raibh an tÉirí Amach á phleanáil acu.

Fuair John E. Redmond (1856-1918), mac le William Redmond, Feisire náisiúnach do Loch Garman, a chuid oideachais ó na hÍosánaigh i gCoill Chluana Gabhann, Co. Chill Dara agus i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Toghadh mar Fheisire don chéaduair é sa bhliain 1881, bhí sé ina ionadaí do Phort Láirge ón mbliain 1891 go dtí a bhás. Tar éis don scoilt i bPáirtí Parlaiminteach na hÉireann a d'eascair as páirt Parnell i gcás colscartha, ba é ceannaire eite Pharnellíteach an Pháirtí é ó 1891, agus rinneadh ceannaire den Pháirtí athaontaithe de sa bhliain 1900. Agus tacaíocht láidir tugtha aige do bhillí Rialtas Dúchais Gladstone 1886 agus 1893, ba é mian a shaoil é an Rialtas Dúchais a bhaint amach dá thír, agus ní bheadh seans ní b'fhearr aige lena bhaint amach ná nuair a bhí cothromaíocht na cumhachta faoi Asquith i seilbh an Pháirtí Pharlaimintigh sa tréimhse ó 1910 ar aghaidh.


Chuir Aontachtaithe Uladh bac ar a phleananna ámh, agus ba é an t-ábhar buartha ba mhó a bhí aige go bhfágfaí ar a laghad cuid de chontaetha Uladh amach as an Rialtas Dúchais, is é sin le rá go ndéanfaí an tír a chríochdheighilt. Bhí sé buartha freisin go bhféadfadh gníomhaíochtaí

## 3.1.3 John Redmond agus Páirtí Parlaiminteach na hÉireann

Óglaigh na hÉireann cur isteach ar rith an Rialtais Dúchais; chun nach dtarlódh sé sin d'éirigh leis smacht a fháil ar an eagraíocht i mí an Mheithimh 1914. Chuir sé fáilte roimh Acht Rialtas na hÉireann, 1914; ba é an t-aon bheart, a bhí ar fáil agus a bhí indéanta, i dtreo an Rialtais Dúchais; cuireadh ceist na críochdheighilte ar athlá nuair a cuireadh an tAcht ar fionraí. Thairg Redmond seirbhísí Óglaigh na hÉireann d'fhonn an tír a chosaint le cinntiú go n-éireodh leis an gcogadh ach dhiúltaigh an rialtas leis an tairiscint seo. Tharla scoilt san eagraíocht toisc gur spreag sé na hÓglaigh dul isteach in arm na Breataine; lean formhór na nÓglach Redmond, liostáil go leor acu in arm na Breataine. Tugadh na hÓglaigh Náisiúnta orthu ina dhiaidh sin. Ba iad Óglaigh na hÉireann a fágadh, iad siúd a raibh Poblacht Éireann mar aidhm acu nó iad nach raibh muinín acu a thuilleadh as an Rialtas Dúchais. Ní raibh fágtha ach 10,000 in Óglaigh na hÉireann.

Bhí cónaí ar Redmond i Sasana ar feadh roinnt blianta agus níor thuig sé an méid a bhí ag tarlú sa bhaile. Tháinig Éirí Amach 1916 aniar aduaidh air mar sin. Bhí sé tiomanta d'Éirinn a choimeád laistigh den Aontas, d'fhéach sé ar an Éirí Amach mar thréas agus mheas sé gur bhain sé le scéiméireacht de chuid na nGearmánach. Ní raibh sé báúil in aon chor leis na ceannairí ná leis an aidhm a bhí acu poblacht a bhunú. Mar sin féin, d'impigh sé go ndéanfaí trócaire orthu i dTeach na dTeachtaí. Bhí Redmond marbh dhá bhliain i ndiaidh an Éirí Amach agus níor thuig sé riamh go raibh tús le ré nua staire in Éirinn agus nach sásódh an seanaidhm, is é sin, Rialtas Dúchais an ghlúin nua d'Náisiúnaigh Éireannacha.

## 3.1.3 John Redmond agus Páirtí Parlaiminteach na hÉireann



John E. Redmond MP, leader of the Irish Parliamentary Party at Westminster. (Illustrated London News, 6 May 1916).

## 3.1.3 John Redmond agus Páirtí Parlaiminteach na hÉireann



Redmond addressing a Home Rule meeting at the Parnell monument, Sackville Street, Dublin in 1912. (Irish Independent Collection 1).

## 3.1.3 | John Redmond agus Páirtí Parlaiminteach na hÉireann





Address on silk fabric presented to Redmond by Limerick County Council, 20 Dec. 1914. It refers to Home Rule and hopes that 'some crass ill-advised policy on the part of some calling themselves nationalists does not mar prospects of Ireland's happiness and prosperity'. (Proclamations).

## 3.1.3 John Redmond agus Páirtí Parlaiminteach na hÉireann




Redmond presenting a flag to the Irish National Volunteers, probably 1915.
(Irish Independent Collection 12C).

## 3.1.3 John Redmond agus Páirtí Parlaiminteach na hÉireann



TO THE

**Irish National Volunteers.**

You are in arms for the defence of your country. It is for you to consider what the obligation which you have freely laid upon yourselves entails. At this moment your country is threatened by enemies more powerful and more hostile than any who have attacked her in the past. Their victory would mean the complete conquest of Ireland, the end of her claims to be a self-governing nation, and her subjugation to the rank of a conquered German Colony. Nothing stands between your enemies and an invasion of your country but the Allied Forces both on land and sea. If they are defeated no Volunteer force however good will keep back the doom of Ireland. Do you want it to be said that the Irish Volunteers left their kinsmen and their allies to do the fighting on the plains of Belgium and France?


You do not! As Irishmen you are too proud to allow others to do that which falls to you Volunteers as a duty.

One of your Committee, Professor Kettle, has already joined the Irish Brigade, many of your comrades are already in its ranks. Ireland expects you to follow their example. The place to defend your Country is on the battlefields of Europe.

Men of Ireland do not fail your Motherland.

Leaflet issued by the Irish National Volunteers urging members to join the British army.

## 3.1.3 John Redmond agus Páirtí Parlaiminteach na hÉireann




Redmond allowed himself to be used in the British army recruiting campaign as in this poster echoing the wellknown Kitchener image, 25 Aug. 1915. (Proclamations).